Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Samhain 2023
(OR. en)

15264/23
PV CONS 53
ECOFIN 1159

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

9 Samhain 2023

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 14660/23.

2. **Formheas na míreanna 'A'**
   (a) **Liosta neamhreachtach** 14686/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

   (b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 14687/23

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach (DAB) Uimh. 4/2023: Laghdú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla** S C 14619/23 14621/23 13960/23 FIN
*Glacadh*
*Formheas litreach*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 31.10.2023

Ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2023 (bunús dlí: Airteagal 314 CFAE agus Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach).

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Aon ghnó eile**
   **Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair** 14914/23
   *Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

4. **Athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch**
   (a) **Rialachán maidir le comhordú éifeachtach na mbeartas eacnamaíoch agus faireachas buiséadach iltaobhach** ❶ C 8776/23 + ADD 1
   (b) **Rialachán maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air** S C 8777/23
   *Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an gcaibidlíocht a bhaineann leis an gcuid reachtach den phacáiste athbhreithniúcháin ar an rialachas eacnamaíoch.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

5. **Athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch: Treoir maidir le ceanglais do chreataí buiséadacha na mBallstát** — 8778/23
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir leis an gcaibidlíocht a bhaineann leis an gcuid neamhreachtach den phacáiste athbhreithniúcháin ar an rialachas eacnamaíoch.

6. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin
*Seisiún tuairimíochta*

7. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip
   (a) Cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
   *Staid na himeartha*
   (b) Cinntí Cur chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta
   (Bunús dlí: Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2021/241)
   *Glacadh* — 14472/23 + ADD 1, 14473/23 + ADD 1, 14474/23 + ADD 1, 14637/23 + COR 1 + ADD 1

8. An Seimeastar Eorpach: ceachtanna a foghlaimíodh agus an bealach chun cinn — 14808/23
*Seisiún tuairimíochta*

9. Conclúidí maidir le staidreamh an Aontais — 14563/23
*Formheas*

10. Tuarascáil bhliantúil 2023 ón mBord Fioscach Eorpach[1] — 13956/23
*Seisiún tuairimíochta*

11. Tuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022[2]
*Cur i láthair*

12. Aon ghnó eile

[1] Tugadh cuireadh do Chathaoirleach an Bhoird Fhioscaigh Eorpaigh le haghaidh na míre seo.
[2] Tugadh cuireadh d'Uachtarán Chúirt Iniúchóirí na hEorpa le haghaidh na míre seo.

- ❶ An chéad léamh
- S Nós imeachta reachtach speisialta
- P Plé poiblí (Airteagal 8(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)
- C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún